# Ceardlann 5: Bochtaineacht Choibhneasta

**Acmhainni atá de dhith:**
- cur i láthair a cúig (ar fáil chun íoslódáil ar shuíomh TFS)
- 'Díospóireacht Siúil' agus 'Breithlá Maria' - íoslódáil 'Plean Ceachta agus Acmhainní' ceardlann a cúig ón tsuíomh TFS
- Seacht gcupáin, seacht lipéid (scríobh na ráitéis ó shleamhnán a seacht), clúdacha, cnáipí

**Intreoir agus achoimhre**
An cuimhin libh...cad is bochtaineacht ann? Cén ciall atá leis? Mar dhuine, tá ceithre riachtanais bhunúsacha againn - cad iad? *Bia, uisce, dídean agus rud éigean le muidne a choinneáil te*. An bhfuil na rudaí seo ag gach duine? Níl. Thig linn a rá go bhfuil siad in fíorbhochtaineacht. Má tá na rudaí bunúsacha uilig againn ach nach dtig linn íoc as níos mó ná sin tá muid i mbochtaineacht.

**Díospóireacht Siúil**
(Bí cinnte go bhfuil go leor spáis ann le ligint do na páistí bogadh ar dheis is ar chlé.)
Seasaigí suas agus isteach i lár na seomra libh..léifidh mise abairt. Má aontaíonn tú liom gabh ar thaobh na láimhe deise, muna n-aontaíonn tú, gabh ar chlé. (Muna mbíonn an páiste cinnte, thig leo fanacht i lár an tseomra. Bain úsáid as saighde sa chur i láthair más féidir.)
(Léigh amach na habairtí - 'Díospóireacht Siúil'.)
Tá sé iontach doiligh cinneadh a dhéanamh ar an cheann seo. Éist go cúramach. (Léigh an scéal - 'Breithlá Maria'.)
Má shíleann tú gurbh fhearr le daoine tuilleadh arigid a thabhairt, gabh ar dheis. Má shíleann tú gurbh fhearr go dtugann gach duine an méid ceanna, gabh ar chlé.

**Fáthanna**
Anois thig le gach duine suigh síos arís. (Déan an rang a roinnt i 4/5 grúpa.) Mar ghrúpa, smaoinígí ar chúpla fáth nach dtig le hOrla íoc as an bhronntanas breithlá. Scríobh síos na fáthanna ar phaipéar do ghrúpa.
Gabh thart ag labhairt leis na grúpaí. Cuidigh leo fáthanna a fháil *m.s. post a bhfuil pá íseal aige – ar sochair / fiacha acu/ gan airgead sábháilte acu/ fadhbanna sláinte-bás / goideadh a gcuid airgid/ tine/tuismitheoirí tugtha do dhrugaí nó d'alcól* .
Stadaigí! Anois, glacfaidh muid fáth amháin ó achan ghrúpa. Lámha suas, caidé bhur mbarúil? (Scríobh na freagraí sna boscaí Powerpoint.)
An síleann tú go bhfuil an locht ar Orla nach dtig léi an t-airgead a íoc? (Faigh cúpla freagra.)

**Réitigh**
Fanfaidh sibh sna grúpaí ach an t-am seo, caithfidh sibh réiteach a fháil ar an fhadhb. Cad é a dtiocfadh leis na daoine eile sa rang a dhéanamh le cuidiú le hOrla? Cén réiteach a bheadh agat? (B'fhéidir go ndéarfaidh siad: *bronntanas nó carta a dhéanamh/amhrán a cheol/pictiúr a dhéanamh/íocann daoine eile níos mó airgid/ócáid bhailiú airgid a reachtáíl/bronntanas níos saoire a cheannach i siopa carthanas/cóisir a reachtáil.*)
Glacfaidh muid réiteach amháin ó gach grúpa. Lámha suas má tá barúil agat.
An síleann tú go dtiocfadh lena leithéid seo tarlú i mBéal Feirste? Ná déan dearmad faoi fréamhacha an crainn - an síleann tú go bhfuil cuid de na fadhbanna seo ag daoine eile?
Ag an bhomaite seo, thig leat na cupáin agus na cnaipí a chur ar thábla fá choinne an vóta.

**Comhionannas v Cothromas**
(Taispeáin an pictiúr ar chomhionannas don rang ina bhfuil an triúr ina seasamh ar na boscaí.) An bhfuil cothrom na Féinne ann? *Níl*! Ach faigheann siad uilig bosca amháin.

# Ceardlann 5: Bochtaineacht Choibhneasta

(Taispeáin dóibh an pictiúr ina fhaigheann siad boscaí de réir méid na ndaoine.) An bhfuil sé sin níos fearr? Faigheann siad an rud atá de dhíth orthu in áit an rud céanna a fháil. (Déan an nasc le scéal Orla agus breithlá Maria.) Sa phictiúr ar dheis faigheann siad an rud atá de dhíth orthu in áit an rud céanna. An bhfuil an locht ar Orla nuair nach bhfuil go leor airgid aici?

**Vóta ar na Fáthanna a bhfuil Daoine Bocht**

Ní ba luaithe, bhí muid ag caint ar na fáthanna nach dtiocfadh le hOrla íoc as an bhronntanas. Anois beidh vóta againn ar na fáthanna a bhfuil daoine bocht. (Taispeánann sleamhnán a seacht.)
Tá mé le dhá chnaipí a thabhairt do gach duine sa rang nó tá muid chun úsáid a bhaint astu le vótáil a dhéanamh. Thig leat dhá cnaipí a chur i gcupán amháin nó ceann a chur i dhá chupán éagsúla.
(Téann na daltaí duine i ndiaidh duine.) Nuair a bheas an vóta déanta agat, suigh síos arís.
(Fán am seo, thig le páiste amháin cuntas a dhéanamh ar na votaí agus na torthaí a scríobh síos agus cuireann an múinteoir an ceist atá ar shleamhnán a naoi.)

**Cá hÁit ar an Domhan a bhfuil Daoine Bocht?**

Cá hÁit ar an Domhan a bhfuil Daoine Bocht? (Faigh cúpla freagra.) Cad faoi Bhéal Feirste? Smaoinigh ar bhreithlá Maria.
Tá daoine bochta gach áit ar an domhan ach samhlaigh go bhfuil cónaí orainn san Ind i gcathair darb ainm Kolkata. An dtig le duine éigin an Ind a thaispeáint ar an léarscáil? (Lig do dhuine é a thaispeáint ar an léarscáil.)
Cad é a bheadh idir lámha ag páistí san Ind faoi láthair? *Bheadh siad ar scoil; bheadh siad ag obair*.
An tseachtain seo chugainn samhlóidh sibh go bhfuil sibh ag obair san Ind. Don tseachtain seo chugainn, faigh amach cén sórt airgid atá acu san Ind.
Mar fhocal scoir- inis dom cad iad an dá chineál bochtaineachta?
Cad é an difear eatarthu? Cad iad na ceithre riachtanais bhunúsacha?
Anois inseoidh muid torthaí an vóta daoibh...
Ag deireadh na seachtaine seo chugainn tchífidh muid ar athraigh sibh bhur n-intinne! Go raibh maith agaibh! Tchífidh muid an chéad uair eile sibh!

# Díospóireacht Siúil

Bíonn brionglóidí ag ainmhithe.

Is fearr brocailí ná seacláid.

Tá dineasáir níos scanrúla ná leoin.

Ba chóir go mbeadh ceithre cos ag daoine.

Ba chóir d'achan rud ar an domhan a bheith bándearg.

Ba chóir go mbeadh teanga na ndaoine ag na hainmhithe.

Ba chóir go mbeadh eiteogaí ag daoine.

Is fearr grian ná fearthainn.

Ba chóir do thíogair a bheith ina gcónaí i zú.

Ba chóir dúinn an rud a iarrtar orainn a dhéanamh.

Ba chóir dúinn gach rud a roinnt.

Thig linn níos mó a fhoghlaim ón teilifís ná ón scoil.

Tá arrachtaí míchinéalta.

Tá gach leabhar ina leabhar maith.

Tá gach bláth ina bhláth deas.

Bí cúramach....tá an cheist seo níos casta. → Breithlá Maria

.

# Breithlá Maria

Breithlá Maria atá ann. Tá sí sa rang chéanna leat agus tá daoine ag teacht le chéile le bronntanas a cheannach di. Aontaíonn gach duine go gceannóidh siad an cluiche boird is fearr léi agus a n-imríonn sí go mion minic. Deir Conor go gceannóidh sé é mar tá a theach béal dorais leis an siopa. Socraíonn siad ar an mhéid airgid a bheas le híoc ag gach duine agus aontaíonn siad go mbeidh an t-airgead acu an lá dár gcionn.

An lá dár gcionn, deir Orla go bhfuil brón uirthi ach gur dhúirt a tuismitheoirí nach bhfuil go leor airgid acu. Deir Helen nach bhfuil i gceist ach méid airgid iontach íseal agus go bhfuil sé dodhéanta nach bhfuil sé ag Orla. Tá díospóireacht ag an rang. Deir grúpa amháin go bhfuil siad sásta cúpla pingin sa bhreis a chur isteach ach deir an grúpa eile nach bhfuil cothrom na Féinne ann agus gur chóir do gach duine an méid céanna a chur isteach.

Cad é do bharúil?
Má shíleann tú gur chóir d’achan duine eile giota beag níos mó airgid a thabhairt isteach, bog ar dheis. Má shíleann tú gur chóir d’achan duine an méid céanna a thabhairt, bog ar chlé.